Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0243(NLE)**

**11861/1/22**
**REV 1**

**POLCOM 96**
**AGRI 375**
**COASI 126**
**PI 101**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11860/22 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha agus iad a chosaint a mhéid a bhaineann le Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh<br>- Glacadh |

1. An 18 Lúnasa 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh an Chinnidh thuasluaite ón gComhairle (11860/22 + ADD 1).

2. Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe) maidir leis an téacs sin agus d'fhormhuinigh sé an téacs, sa riocht inar modhnaíodh é, chun roinnt coigeartuithe riachtanacha a chur san áireamh.

3. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir daingniú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

   - an Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus a leagtar amach in 11862/22 agus in 11863/22 é;

- cinneadh a dhéanamh go n-ordófar an Cinneadh ón gComhchoiste maidir lena rialacha nós imeachta a ghlacadh, mar a leagtar amach in 11863/22 é, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a luaithe a ghlacfar é;

- a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig an bParlaimint; agus

- a chinneadh go gcuirfear sna miontuairiscí an ráiteas atá in 11861/22 ADD 1.